2026/2507

11.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2507 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2840 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun acmhainneachtaí Chabhlach Phoblacht an Chongó a neartú faoi chuimsiú Ollstruchtúr Yaoundé

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Samhain 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2840 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun acmhainneachtaí Chabhlach Phoblacht an Chongó a neartú faoi chuimsiú Ollstruchtúr Yaoundé ([1]).

(2) An 28 Bealtaine 2026, thacaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála le hath-leithdháileadh beartaithe na gcistí atá ar fáil i gcolún bhearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána in 2026, lena n-áirítear an méadú EUR 5 000 000 ar an méid tagartha airgeadais atá le híoc le Cabhlach Phoblacht an Chongó.

(3) Déanfar cuid den tacaíocht bhreise do Chabhlach Phoblacht an Chongó a sheachadadh tar éis dháta deiridh thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2024/2840, lena gceanglaítear síneadh 12 mhí a chur le tréimhse cur chun feidhme an bhirt cúnaimh ábhartha, ón 5 Samhain 2027 go dtí an 4 Samhain 2028.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2840 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/2840 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 48 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.’

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 10 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

([1]) IO L, 2024/2840, 6.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2840/oj.